# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 EANÁIR 2024

## RANG A TRÍ AGUS A CEATHAIR/P5 AGUS P6



| An Creideamh Críostaí | Briathar Dé |
|---|---|
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Gearrann Críostaithe fíor na croise orthu féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh<br>• Is é Dia an cruthaitheoir agus ár nAthair grámhar (Gein 1:26-7).<br>• Is é Dia an mhaith (Salm 116:1).<br>• Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm 139).<br>• Is é Dia mo chara.<br><br>**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**<br>• Is é saol an pharóiste é aire a thabhairt dá chéile, roinnt agus guí a dhéanamh (*CCC*, 2179; Revised Core Syllabus for Religious Education [CSRE], 2a).<br>• Is é an séipéal áit speisialta ina gcruinníonn na Críostaithe lena chéile le guí a dhéanamh.<br>• Cabhraíonn an teaghlach linn a bheith cairdiúil le hÍosa.<br>• Cabhraíonn an sagart/múinteoir linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (Lumen Gentium [LG], 10). | **An Scrioptúr Naofa**<br>• Geineasas 1:29-31<br>• Marcas 3:13-14 |
| **Liotúirge agus Urnaí** | **An Mhoráltacht Chríostaí** |
| **Urnaí**<br>• Glaonn Dia chun urnaí muid agus tugaimid freagairt (Gaudium et Spes, 18; *CCC*, 2567).<br>• Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí<br>• Is é an séipéal teach Dé, cruinníonn a mhuintir lena chéile ann (*CCC*, 1180; LG, 6; 1 Tim 3:15).<br>• Cruinníonn muintir Dé lena chéile sa séipéal le guí agus le ceiliúradh a dhéanamh (*CCC*, 1069–71, 2179).<br>• Áit naofa é an séipéal. Téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia ann (*CCC*, 1181). | **Dínit an Duine**<br>• Gránn Dia an uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10- 11; CSRE, 3a).<br>• Is duine uathúil mise toisc gur chruthaigh Dia mé (CCC, 1004; Gein 1:26-7; Ps 137:14).<br>• Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).<br>• Is seoid gach duine aonair i súile Dé (CCC, 225, 356–61, 369, 1604, 1700–1, 1944–6,<br>• 2319, 2334; CSRE, 3a). |

# Dé Luain: Seirbhís i measc Phobal na gCairde

## Smaoinigh

Bainimid ar fad le teaghlach, agus is aoibhinn linn cairde a bheith againn. Is féidir linn a bheith páirteach i gclubanna nó i bhfoirne spóirt. Iarrtar orainn sa scoil Chaitliceach a bheith cineálta agus cabhrú lena chéile. Ba cheart go mbeadh fáilte roimh chách, go mbeadh áit ann dóibh, go dtabharfaí aire dóibh. Pobal muid ina spreagtar cách le saol iomlán cuimsitheach a chaitheamh. Mairimid in éineacht lena chéile ar scoil, ag tacú lena chéile, agus ag tabhairt aire dá chéile i mbriathra, i bhfocail agus i ngníomhartha.

Aithnímid agus déanaimid ceiliúradh inniu ar ghrá De dúinn, gur chruthaigh sé gach aon duine againn mar dhuine uathúil speisialta, agus gur cuireadh ar an saol muid le comhoibriú le daoine eile agus lenár ndícheall a dhéanamh i gcónaí.

## Fiosraigh

Meabhraigh do na daltaí gur ceart go bhféadfaí maireachtáil ar bhealach sona gnaíúil ar scoil. Iarr orthu a rá cad iad na tréithe a bhaineann le cara fíor. Bíonn sé deacair do dhaoine áirithe cairdeas a dhéanamh, uaireanta.

Thaispeáin Íosa dúinn an bhrí a bhain le bheith mar chara dílis. Léiríonn scéal Zacháias go bhféadfadh Íosa an mhaith a shonrú i nduine eile, fiú más rud é nár thaitin an duine sin leis an bpobal toisc go mbíodh sé gránna leo. Is féidir an scéal a fheiceáil ar YouTube: https://www.youtube.com/watch?v=lVeVXCnxHrU.

Níor thaitin Zacháias leis an bpobal. Pléigh é sin leis an rang agus iarr orthu a rá cén fáth nár bhreathnaigh na daoine ar bhealach cairdiúil air, agus cén fáth gur theastaigh ó Íosa bualadh leis.

Bíonn sé deacair do dhaoine áirithe cairdeas a dhéanamh, agus fágtar as an áireamh go minic iad dá bharr. Má theastaíonn uainn a bheith cairdiúil le daoine eile, cad iad na ceachtanna atá le foghlaim ó shaol Íosa maidir leis an mbealach ceart le déileáil le daoine eile? Conas is féidir linne, muintir na scoile Caitlicí an dea-chairdeas a léiriú?

## Gníomhaíocht

Tá bileoga oibre faoi scéal Zacháias anseo: https://navanroadparish.com/wp-content/uploads/2021/03/Zacchaeus-Activity-sheet.pdf.



# Dé Máirt: Seirbhís i measc Phobal na Scoile

## Smaoinigh

Pobal atá sa scoil Chaitliceach. Ciallaíonn sé sin go mbíonn daoine ag comhoibriú lena chéile, ag tabhairt aire dá chéile, agus iad ag iarraidh maireachtáil ar nós Íosa. Daoine éagsúla muid, agus bíonn ionchur éagsúil ag gach duine againn le saol muinteartha speisialta a chruthú ar scoil.

Rugadh cuid de na daltaí anseo in Éirinn, agus rugadh an chuid eile thar lear. Tá an t-ádh orainn in Éirinn go mairimid i dtír shábháilte. Ní bhíonn orainn déileáil leis an gcogadh, nó leis an gcoinbhleacht nó le droch-chaoi uafásach. Bíonn ar chuid páistí scoile an baile a thréigeadh de bharr an chogaidh, de bharr an ghorta, de bharr na contúirte. Cuirtear fáilte roimh chách sa scoil Chaitliceach, agus tugaimid aire dá chéile. Nuair a mhairimid mar sin, bíonn mianta Íosa á gcur i bhfeidhm againn.

## Fiosraigh

Breathnaígí lena chéile ar an bhfíseán ón Catholic Agency for Overseas Development: https://www.youtube.com/watch?v=o_P9huLYmSo. Pléigh brí an fhíseáin, agus na tuairimí agus na mothúcháin atá ag na daltaí mar gheall air.

Cuirtear fáilte roimh an uile dhuine sa scoil seo againne, cuma cad as dóibh, cén creideamh atá acu, nó cad é dath an chraicinn. Bíonn páistí ann a bhíonn uaigneach, nó imeallach, nó go mbíonn deacrachtaí pearsanta acu nuair a thagann siad chun na scoile. Conas mar is féidir linne na buanna atá againn a úsáid le freastal ar an uile dhuine a bhaineann le pobal na scoile?

Déan ransú smaointe leis na daltaí maidir leis an mbealach inar féidir pobal fáilteach a chruthú ar scoil. Is féidir rudaí atá idir lámha cheana féin a lua, nó straitéis nua, m.sh. súgradh le daoine eile sa chlós, daoine eile a mholadh, ceiliúradh a dhéanamh nuair a éiríonn le daoine, gníomhartha agus briathra deasa a chur in úsáid.

## Gníomhaíocht

Iarr ar na daltaí, trí rud a bheadh ag cur isteach orthu dá mba dhídeanaithe iad, a lua. Breathnaigh ar an bhfíseán YouTube, 'My Name Is Not Refugee', le go spreagfaí smaointe i measc na ndaltaí: https://www.youtube.com/watch?v=q9n1plse2K4.

Abair leis na daltaí póstaeir a dhearadh ar leathanach A4 agus a dhathú, a thabharfadh léargas ar na bealaí ina bhféadfaidís freastal ar a gcuid cairde idir shean agus nua, i measc phobal na scoile Caitlicí seo.

# Dé Céadaoin: Seirbhís i measc an Teaghlaigh

**Smaoinigh**

Táimid ag foghlaim i rith na seachtaine seo mar gheall ar an scoil seo againne a bheith mar phobal speisialta, ina nglaoitear orainne freastal ar a chéile de réir mar a d'iarr Íosa orainn. Is cuid thábhachtach de phobal an teaghlaigh iad na seantuismitheoirí. Déantar iad a cheiliúradh sa scoil Chaitliceach inniu, agus an ról atá acu maidir leis an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh chuig na garpháistí, agus iad ag tacú leis an bpobal creidimh sa bhaile, ar scoil, agus sa pharóiste. Iarrtar orainne freastal ar na seantuismitheoirí de réir mar a d'fhreastail siad orainne agus mar a thugadar aire dúinne leis na blianta.



**Fiosraigh**

**Briathra an Phápa Proinsias**

Tugaimis ómós do na seantuismitheoirí. Bíonn grá mór ag an aos óg do na seantuismitheoirí, agus gabhann siad buíochas leo as an eagna a léiríonn siad.

(Rio de Janeiro, 26 Iúil 2013)

Bíonn an dóchas agus an todhchaí bunaithe ar an gcuimhne. Cothaíonn cuimhne na ndaoine aosta ar an aistear muid.
(Teachtaireacht chuig Caitlicigh na hIodáile 2013)

Suáilce inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire dúinn agus muid ag fás aníos, agus múineann siad ceachtanna don saol dúinn. Tá go leor athruithe ar domhan tugtha faoi deara acu, cuid acu a bhí ar son a leasa, cuid nach raibh.

Iarr ar na páistí a rá cad iad na rudaí a d'fhoghlaimíodar ó na seantuismitheoirí. Is féidir aire, flaithiúlacht, grá, creideamh, agus urnaí a lua leo lena spreagadh ionas go ndéarfaidís na ceachtanna agus an taithí uathúil a d'fhoghlaimíodar uathu.

Pléigh na bealaí ina léiríonn na seantuismitheoirí an grá atá acu dúinn, agus na bealaí ina bhféadfaimis an grá agus an aire sin a chúiteamh leo.

## Gníomhaíochtaí

(Nóta: Bí aireach anseo faoi dhéileáil le páistí ar cailleadh seantuismitheoir leo, nó faoi dhaltaí nach mbíonn i dteagmháil leis na seantuismitheoirí ar chor ar bith. Is féidir le rang ar bith na gníomhartha thíos a chomhlíonadh ag leibhéal a oireann dóibh. Roghnaigh na gníomhaíochtaí atá oiriúnach don rang.)

**Portráid: Mise le Mamó/Mise le Daideo**
Spreag na daltaí le portráid a tharraingt agus a dhathú a thaispeánann iad le Mamó agus/nó le Daideo ar ócáid shona lúcháireach.

**Cárta buíochais**
Spreag na daltaí le cárta buíochais a chruthú le tabhairt do na seantuismitheoirí a chuireann síos ar an dea-thionchar a bhí acu ar shaol na bpáistí. Is féidir an cárta a bhronnadh ar na seantuismitheoirí, nó a chur chucu tríd an bpost má tá cónaí i gcéin orthu.

**Deachuimhne:**
Spreag na daltaí le smaoineamh ar am inar roinneadar taithí speisialta leis na seantuismitheoirí. Iarr orthu an chuimhne sin a scríobh i bhfocail ionas gur féidir í a roinnt leis na seantuismitheoirí.



# Déardaoin: Seirbhís i measc an Phobail Áitiúil

De réir an eolais atá againn, agus i dtuairimí na saineolaithe eolaíochta, mairimid ar an aon phláinéad amháin atá oiriúnach do shaol an duine. Léiríonn an pictiúr (https://science.nasa.gov/ resource/voyager-1s-pale-blue-dot/) an domhan mar a fheictear é ón áit atá sé bhilliún ciliméadar uainn. Meabhraíonn sé dúinn gur seoid luachmhar í an domhan, agus go gcaithfear é a chaomhnú. Bíonn torthaí an athraithe aeráide le sonrú ar an nuacht agus ar na meáin shóisialta in aghaidh an lae. Is sinne amháin na daoine a d'fhéadfadh comhoibriú lena chéile leis an timpeallacht agus an comhshaol a chosaint.

Cuirtear i gcuimhne dúinn sa scoil Chaitliceach go mbíonn an cine daonna freagrach as an saol a lot de bharr na sainte agus de bharr chur amú, agus go mbíonn an domhan timpeall orainn thíos leis dá bharr. Sa litir Laudato Si', goilleann sé ar an bPápa Proinsias go gcaithfidh sé a rá linn go bhfuil an chuma ar an domhan faoi láthair gur carn aoiligh atá ann. Conas mar a dhéanann ár scoil Chaitliceach freastal ar an bpobal áitiúil trí bheith gníomhach leis an timpeallacht a chosaint?

## Fiosraigh

Breathnaígí in éineacht lena chéile ar fhíseán David Attenborough maidir leis an domhan iontach ina mairimid: https://www.youtube.com/watch?v=auSo1MyWf8g. Iarr ar na daltaí na híomhánna a thaitníonn leo a rá, agus cén fáth. Pléigh na bealaí ina bhféadfadh daoine an domhan iontach seo a chaomhnú. Is cuid de chruthaitheacht Dé é, an áit ina gcónaímid, agus is tábhachtach an rud é go gcoimeádfaí go glan sláintiúil é.



Léigh an sliocht seo ó Geineasas 1:29-31:

> Dúirt Dia: "Féach! Thugas daoibh gach uile lus le síol dá bhfuil ar chlár na talún, agus gach uile chrann le síol ina dtoradh; iadsan a bheidh ina mbia agaibh. Mar bhia ag na hainmhithe allta go léir, ag éanlaith an aeir go léir, agus ag na péisteanna go léir a bhogann ar talamh tugaim glas gach fáis." Agus bhí sin amhlaidh. Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. Ba shin an séú lá, an nóin agus an mhaidin.

Thug Dia faoi deara go raibh rud maith cruthaithe aige. Iarrtar orainne a bheith gníomhach agus aire a thabhairt don domhan coiteann. Ní ceart bruscar a scaipeadh, ná fáil réidh le rudaí más féidir iad a athchúrsáil. Ní ceart uisce ná leictreachas a chur amú. Déan ransú smaointe maidir leis na rudaí a dhéanfadh na ranganna sa scoil seo le bheith cinnte faoi go mbeidh an domhan á chaomhnú againn.

**Gníomhaíocht**
Breathnaigh ar an bhfíseán faoi litir an Phápa Proinsias Laudato Si' mar gheall ar aire a thabhairt don domhan coiteann: https://www.youtube.com/watch?v=PFKnZP7ldLk.

Déan ransú smaointe maidir leis na bealaí ina bhféadfadh pobal na scoile aire a thabhairt don phobal áitiúil agus don timpeallacht. Bíodh sprioc in aghaidh na seachtaine ann leis an scoil, an baile, an paróiste a choimeád mar áit shona ghlan m.sh. bruscar a bhailiú ón gceantar, iarraidh ar dhaoine teacht ar scoil de shiúl na gcos nó ar rothair, más féidir. Nuair a bhíonn an téarma scoile caite agus na spriocanna bainte amach, d'fhéadfaí litir a sheoladh chuig an bPápa Proinsias a dhéanann cur síos ar an obair a rinneadh maidir le haire a thabhairt don domhan coiteann, agus freastal ar an bpobal áitiúil. Is é an seoladh do na cártaí poist ná: A Naofacht an Pápa Proinsias, Palácio do Vaticano, Roma, Italia.



# Dé hAoine: Seirbhís i measc Phobal Creidimh

## Smaoinigh

Cruinnímid lena chéile sa scoil Chaitliceach le hábhair éagsúla a fhoghlaim, agus le haithne a chur ar Íosa agus ar an Eaglais. Tá fir agus mná ann a dhéanann freastal ar an bpobal creidimh ar bhealach speisialta. Tugtar an bheatha reiligiúnach air. Cuirtear glao ar leith ar dhaoine an ghairm bheatha seo a leanúint agus freastal ar Íosa mar shagairt, mar mhná rialta nó mar mhanaigh.

## Fiosraigh

Deir daoine áirithe gur cuireadh glao ar leith orthu maidir leis an ngairm bheatha. Deirtear go gcuirtear glao ar leith ar mhúinteoirí, ar altraí ar SNAanna maidir leis an ngairm bheatha. Baineann brí speisialta leis an bhfocal 'glao' o thaobh na hEaglaise de.

Léigh Matha 3:13-14 do na daltaí:

> Tháinig Íosa i láthair ansin: ón nGailíl a tháinig, go dtí an Iordáin ag triall ar Eoin chun baisteadh a fháil uaidh. Ach bhí Eoin ag iarraidh é stop. "Is domsa is gá baisteadh a fháil uaitse," ar seisean, "agus an bhfuil tusa ag teacht chugamsa?"

Mínigh do na daltaí gur roghnaigh Íosa lucht leanúna ar leith, le leanúint lena chuid oibre agus an dea-scéala faoi ghrá agus trócaire Dé dúinn a chraobhscaoileadh. Tá seans ann go mbeidh aithne againne ar dhaoine dá leithéid a d'fhreagair an glao, i measc ár bpobal creidimh féin. Déan ransú smaointe maidir leis na ceisteanna seo:

- An bhfuil mná rialta nó manaigh sa pharóiste seo?
- An bhfuil sagart ann a dhéanann an tAifreann a cheiliúradh sa pharóiste?
- Cé a bhronnann na sacraimintí orainn, an Chéad Comaoineach, Cóineartú?
- Cén fáth gur mhaith le daoine saol ar leith a chaitheamh mar shagart nó mar shiúr?

## Gníomhaíocht

Fiosraigh an físeán a rinne Siúracha Chroí Naofa Íosa mar gheall ar an nglao chun na beatha reiligiúnaí: https://www.youtube.com/watch?v=yLS2_0XP82c.

Tabhair cuireadh don sagart áitiúil, do bhean rialta nó do bhráthair teacht chun na scoile. D'fhéadfaí ceisteanna a lorg ó na daltaí roimh ré le go gcuirfidís na ceisteanna sin ar na cuairteoirí ag am na cuairte, agus mínigh na ceisteanna do na cuairteoirí roimh ré. Tá ceisteanna samplacha anseo:

- Cathain a rinne tú an cinneadh bheith i do shagart/bhean rialta/bhráthair?
- Cad a dhéanann tú má cheapann tú go bhfuair tú glao ó Dhia maidir leis an ngairm bheatha?
- Cad iad do thuairimí faoi do ghairm bheatha?
- Cén ghné de do shaol a thaitníonn leat faoi bheith mar shagart/bhean rialta/bhráthair?
- Cén ghné de do shaol nach dtaitníonn leat faoi bheith mar shagart/bhean rialta/bhráthair?